Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8609/19**

**AGRI 222**
**FORETS 18**
**ENV 431**
**PROCIV 30**
**JUR 197**
**DEVGEN 84**
**RELEX 397**
**UD 122**
**PROBA 15**
**FAO 14**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 15 Aibreán 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7709/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí<br>*- Conclúidí ón gComhairle (15 Aibreán 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 15 Aibreán 2019.

**IARSCRÍBHINN**

# Conclúidí ón gComhairle ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

## I. Breithnithe ginearálta agus príomhéachtaí

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá foraoisí agus an earnáil foraoisbhunaithe chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach, agus maidir le slí bheatha agus leas tuaithe, fo-uirbeach agus uirbeach, fás agus poist, an nádúr agus caomhnú bithéagsúlachta, oiriúnú agus maolú ar athrú na haeráide, gaineamhlú a chomhrac, príomhsheirbhísí éiceachórais a sholáthar do shochaí na hEorpa agus maidir leis an aistriú riachtanach chuig bithgheilleagar ísealcharbóin;
2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, cé go bhfuil réimse beartas ag an Aontas Eorpach (AE), a bhaineann le foraoisí, níl aon tagairt sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do chomhbheartas foraoise AE, agus go luíonn an fhreagracht i gcomhair foraoisí leis na Ballstáit, agus CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh cinntí agus beartais san Aontas a bhaineann le foraoisí prionsabal na coimhdeachta agus inniúlacht na mBallstát sa réimse sin a urramú;
3. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ábhartha atá an méid atá déanta faoi Straitéis Foraoise AE chun aghaidh a thabhairt ar thrí ghné na forbartha inbhuanaithe trí bhainistiú inbhuanaithe foraoisí (SFM) a chur chun cinn;
4. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá Straitéis Foraoise AE mar phríomhchreat tagartha chun comhleanúnachas agus comhordú bheartais an Aontais agus na mBallstát a bhfuil tionchar acu ar fhoraoisí agus ar an earnáil foraoisbhunaithe a éascú, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a ról chun na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus na geallsealbhóirí ábhartha a spreagadh le taithí a chomhroinnt, comhoibriú d'fhonn gur fearr is féidir bagairtí a láimhseáil agus deiseanna a thapú, teicneolaíocht a chomhchuibhiú, treochtaí a bhaineann le foraoisí a shainaithint d'fhonn foraoisí san Aontas a bhainistiú i gcomhréir leis na prionsabail maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí arna bhforbairt ag Eoraip na bhForaoisí, arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus arna dtacú ag an Aontas;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise AE agus go bhfuil Straitéis Foraoise AE ar an mbóthar ceart chun spriocanna 2020[1] a bhaint amach agus AITHNÍONN SÍ go bhfuil dul chun cinn déanta ar an gcuid is mó de na gníomhaíochtaí a áirítear sa phlean cur chun feidhme ilbhliantúil foraoise (PCI-Foraoisí);

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil Straitéis Foraoise AE ina huirlis treorach do roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus a straitéisí, a mbeartais agus a ngníomhaíochtaí náisiúnta foraoise á n-ullmhú acu, agus MOLANN SÍ do na Ballstáit eile í a chur san áireamh freisin;

7. AITHNÍONN SÍ go mbíonn éifeacht ag roinnt beartas de chuid an Aontais ar fhoraoisí agus ar an earnáil foraoisbhunaithe agus CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil comhordú agus cumarsáid thrasearnálach níos láidre ag teastáil ar gach leibhéal i dtaca le beartais lena mbaineann;

8. AITHINÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an mBuanchoiste Foraoiseachta[2], atá aitheanta cheana i straitéis Foraoise AE mar phríomhfhóram le haghaidh dlúthchomhar agus comhar níos seasmhaí faoi chuimsiú Straitéis Foraoise AE, chun gach saincheist a bhaineann le foraoisí a phlé, chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i mbeartas a bhaineann le foraoisí a shaothrú, taithí agus eolas a chomhroinnt idir na Ballstáit, agus tuairimí, comhairle agus saineolas a thabhairt don Choimisiún maidir leis na beartais agus na tionscnaimh éagsúla a bhfuil baint acu le foraoisí agus leis an earnáil foraoisbhunaithe;

## II. Tosaíochtaí do 2019-2020

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cé go raibh dul chun cinn ann, is gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun spriocanna Straitéis Foraoise AE a bhaint amach go tráthúil, agus dá bhrí sin IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí, sa dá bhliain atá fágtha, díriú ar an méid a leanas:
   a. úsáid iomlán a bhaint as na huirlisí airgeadais, go háirithe na bearta foraoiseachta forbartha tuaithe faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus cúnamh stáit;

---

[1] Straitéis Foraoise AE/spriocanna foraoise 2020 - 'chun a áirithiú agus chun a léiriú go ndéantar bainistiú ar fhoraoisí uile AE de réir phrionsabail an bhainistithe inbhuanaithe foraoisí agus go neartófar rannchuidiú AE chun bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus chun dífhoraoisiú a laghdú ar an leibhéal domhanda, agus ar an mbealach sin - ag cur le feidhmeanna éagsúla foraoise a chothromú, éilimh a shásamh agus seirbhísí ríthábhachtacha éiceachórais a sholáthar; - ag cur bonn ar fáil chun go mbeidh an fhoraoiseacht agus an slabhra luacha foraoisbhunaithe ina iomláine mar rannpháirtithe iomaíocha, inmharthana don gheilleagar bithbhunaithe.'

[2] Cinneadh 89/367/CEE ón gComhairle.

b. rannchuidiú tuilleadh le spriocanna bithéagsúlachta AE a phríomhshruthú ar bhealach comhleanúnach, lena n-áirítear i gcomhthéacs an *Phlean gníomhaíochta maidir leis an dúlra, le daoine agus leis an ngeilleagar*, agus an measúnú atá beartaithe ar Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2020;

c. tionscnaimh arna stiúradh ag na Ballstáit a neartú tuilleadh, amhail an líonra Eorpach 'INTEGRATE'[3] a chuireann chun cinn caomhnú an dúlra a chomhtháthú in SFM;

d. leanúint de cholún comhordaithe agus cumarsáide na Straitéise a chothú mar chreat chun leasanna chomhchoiteanna, inniúlacht náisiúnta foraoise agus beartas AE a chothromú trí rannpháirtíocht ghníomhach, thráthúil an Bhuanchoiste Foraoiseachta chun go neartófar soláthar comhairle agus saineolais agus chun go n-áiritheofar comhleanúnachas agus comhsheasmhacht na mbeartas AE atá ábhartha maidir le foraoisí;

e. cumarsáid agus feasacht maidir le luach agus tábhacht foraoisí agus SFM a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra shochaíocha agus chomhshaoil mar rannchuidiú le cur chun feidhme comhtháite Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuaine;

f. leanúint d'úsáid adhmaid ó fhoraoisí atá á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe a spreagadh, mar amhábhar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol le haghaidh iliomad cuspóirí;

g. príomhról na bhforaoisí a chur chun cinn i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an gá le hobair, taighde agus comhroinnt eolais ar bhonn comhoibríoch maidir le cleachtais i leith bainistiú foraoise chun feabhas a chur ar chosc agus bhainistiú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí méadaitheacha ar fhoraoisí ó lotnaidí, olltubaistí (mar shampla dóiteáin foraoise, stoirmeacha, tuilte, triomaigh etc.) agus athrú aeráide fadtéarmach;

11. SAINAITHNÍONN SÍ mar eilimintí breise a bhainfeadh tairbhe as tuilleadh oibre agus taighde, agus as comhroinnt bhreise eolais, i leith bunachair sonraí agus staidreamh foraoisbhainteacha, modheolaíochtaí i gcomhair íocaíochtaí le seirbhísí an éiceachórais foraoise agus rannchuidiú foraoisí don tsochaí trí phleanáil úsáide talún, lena n-áirítear an ról atá acu i limistéir uirbeacha agus fo-uirbeacha;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach teachtaireacht uaillmhianach a thíolacadh maidir le borradh a chur faoi ghníomhaíocht an Aontais i gcoinne an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise, ag cur leis an staidéar tiomnaithe indéantachta[4];

[3] https://informar.eu/european-network-integrate
[4] http://ec.europa.eu/environment/forests/pdf/feasibility_study_deforestation_kh0418199enn_main_report.pdf

## III. I ndiaidh 2020

13. AITHINÍONN SÍ an gá le straitéis foraoise AE nua chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht beartas foraoisbhainteach AE i ndiaidh 2020 a neartú tuilleadh agus chun leanúint den dea-chleachtais a chomhroinnt agus den chumarsáid a fheabhsú, tábhacht mhéadaitheach foraoisí agus SFM á gcur san áireamh;
14. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé SFM a chur chun cinn ar bhonn domhanda, i gcomhthéacsanna iltaobhacha agus déthaobhacha agus i gcur chun feidhme comhtháite Phlean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí, Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus a SDGanna, Chomhaontú Pháras, an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus ionstraimí domhanda eile, agus an gá le rannpháirtíocht ghníomhach sa phlé idirnáisiúnta maidir le beartas foraoisbhainteach;
15. CUIREANN SÍ I bhFIOS a luachmhara atá sé cur tuilleadh le prionsabail phróiseas Eoraip na Foraoise, rúin agus cinntí aireachta chomh maith lena cuid oibre i ndáil le SFM a shainiú agus a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh air, agus go bhféachfar ar fhorbairt agus torthaí deiridh na caibidlíochta maidir le comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí ar Fhoraoisí san Eoraip faoin chóras NA;
16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé leanúint de chreat a chur ar fáil do na Ballstáit chun tionscnaimh agus líonraí a bhunú chun comhar a fheabhsú, malartú taithí a éascú agus dea-chleachtais SFM a fhorbairt freisin.
17. CUIREANN SÍ i bhFIOS nach mór cistiú a bheith ar fáil go leanúnach ag an am céanna leis an ualach riaracháin a laghdú d'fhonn bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn agus ról ilfheidhmeach na bhforaoisí mar phrionsabail threoracha, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, trí fhoraoisiú agus réitigh éiceachóras-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh méadaitheach sóisialta ar fhoraoisí agus ar acmhainní foraoise, agus ar na rioscaí méadaitheacha dóibh agus bithéagsúlacht a chaomhnú agus ithir agus uisce a chosaint.
18. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá foraoisí agus an earnáil foraois-bhunaithe i ndáil le rannchuidiú le forbairt bhreise an bhithgheilleagair san Aontas, iomaíochas a fheabhsú agus deiseanna fostaíochta a sholáthar, i limistéir tuaithe go háirithe;
19. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach mór taighde, nuálaíocht agus slógadh teicneolaíochtaí a chur chun cinn tuilleadh sna foraoisí agus san earnáil foraoisbhunaithe agus scileanna a neartú trí oideachas acadúil agus gairmiúil;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur le machnamh ar na roghanna le haghaidh straitéis nua foraoise AE ina dhiaidh 2020 ina bhféachfaí ar na heilimintí uile sna conclúidí seo agus an gá le cur chuige níos comhtháite chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus dúshláin ó thaobh cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha agus ag an am céanna ag féachaint ar fhorbairtí ábhartha beartais ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

21. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór dul i gcomhairle go luath leis na Ballstáit agus na príomhgheallsealbhóirí agus nach foláir dóibh a bheith rannpháirteach.